Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2023
(OR. en)

15848/23
PV CONS 57
AGRI 726
PECHE 532

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht**agus **Iascach**)

20 Samhain 2023

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15121/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 15362/23

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

1. **Téacs comhpháirteach maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2024** [S] 15238/23 + ADD 1-5
*Formheas*
Ag eascairt as an gComhairle (Ecofin/Buiséad) an 11 Samhain 2023

D'fhormheas an Chomhairle an téacs comhpháirteach maidir leis an mbuiséad do 2024 a leagtar amach san Iarscríbhinn agus in Aguisíní 1 agus 5 den doiciméad thuasluaite. Vótáil an tSualainn ina choinne (Bunús dlí: Airteagal 314(5) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**(b) Liosta neamhreachtach** 15361/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

IASCACH

3. Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh [C] 14967/23 13860/23 + ADD 1
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

4. Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh [C] 14968/23 14720/23 + ADD 1-2
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

TALMHAÍOCHT

**5. Conclúidí maidir le fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais** [2] 15252/23
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí maidir leis an bhFís Fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é. Thug sí dá haire freisin barúlacha an Choimisiúin agus na mBallstát maidir le forbairt ceantar tuaithe amach anseo.

**Aon ghnó eile**

Talmhaíocht

**6. (a) Tograí reachtacha reatha** [1][C]
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

(i) **Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí bia agus beatha – staid na himeartha** 15301/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Uachtaránacht na Spáinne ar fáil, a leagtar amach sa doiciméad thuas, i ndáil le staid imeartha an scrúdú ar an togra maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus táirgí bia agus beatha, agus an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Cróite ar fáil, a leagtar amach in 15472/23, maidir leis an togra sin. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí agus ag an gCoimisiúin.

**(ii) Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící nua géanómaíocha áirithe agus a dtáirgí bia agus beatha** 15472/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Cróite*

Pléadh mír 6 (a) (i) agus mír 6 (a) (ii) le chéile.

**(b) Cur chun feidhme Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030** ☐ 14476/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil, a leagtar amach sa doiciméad thuas, maidir le staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme Straitéis Foraoise nua an Aontais do 2030.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hOstaire ar fáil maidir leis an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag airí foraoise an ghrúpa 'ar son na bhforaoisí', a leagtar amach in 15474/23, agus an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Gearmáine ar fáil maidir leis na creataí straitéiseacha le haghaidh comhair le tíortha comhpháirtíochta i gcomhthéacs chur chun feidhme an Rialacháin maidir le dífhoraoisiú, a leagtar amach in 15468/23. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

**(c) Cruinniú neamhfhoirmiúil d'airí foraoise an ghrúpa 'ar son na bhforaoisí' (Vín agus Stuhleck na hOstaire, an 25-26 Meán Fómhair 2023)** ☐ 15474/23 + ADD 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na hOstaire, thar ceann thoscaireachtaí na hOstaire, na Fionlainne, na Slóivéine agus na Sualainne*

Pléadh mír 6 (b) agus mír 6 (c) le chéile.

**(d) Tábhacht creataí straitéiseacha le haghaidh comhar le tíortha comhpháirtíochta (Cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Dífhoraoisiú)** ☐ 15468/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Pléadh mír 6 (b) agus mír 6 (d) le chéile.

**(e) Ról nua de chuid na bhfeirmeoirí le haghaidh ceantair thuaithe atá ríthábhachtach agus inbhuanaithe** ☐ 15465/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na hIodáile, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na hOstaire, na Fionlainne, na Fraince, na Gréige, na Laitvia, na Polainne agus na Rómáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hIodáile ar fáil, a leagtar amach sa doiciméad thuas, maidir le ról nua de chuid na bhfeirmeoirí le haghaidh ceantair thuaithe atá ríthábhachtach agus inbhuanaithe. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

**(f) Cur i bhfeidhm páirteach an Dea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil uimh. 8 le haghaidh fheachtas 2024** [F2] 15188/1/23 REV 1

*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cróite, na Cipire, na hEastóine, na Gréige, na hUngáire, na hIodáile, na Portaingéile, na Slóvaice agus na Slóivéine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Fraince ar fáil, a leagtar amach sa doiciméad thuas, maidir le cur i bhfeidhm páirteach dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil uimh. 8 le haghaidh fheachtas 2024. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[F2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[S] Nós imeachta reachtach speisialta

**Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'A' a leagtar amach in 15362/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A' :** | **Téacs comhpháirteach maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2024**<br>*Formheas* |

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**

'Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de dhlúthfhaireachán gníomhach a dhéanamh le linn na bliana 2024 ar chur chun feidhme chláir na CAInna atá ann faoi láthair agus a bhí ann roimhe sin (go háirithe i bhfo-cheannteideal 2a agus Forbairt Tuaithe). Chuige sin, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún figiúirí nuashonraithe a thíolacadh ar bhonn tráthúil a mhéid a bhaineann le staid na himeartha agus le meastacháin maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2024 (agus cruinneas réamhaisnéisí feabhsaithe na mBallstát á gcur san áireamh i gcás inarb infheidhme). Má léirítear leis na figiúirí nach leor na leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad 2024 chun na riachtanais a chumhdach, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún réiteach iomchuí, *inter alia* dréachtbhuiséad leasaitheach a thíolacadh a luaithe is féidir, d'fhonn go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann aon chinntí is gá a dhéanamh a luaithe is féidir gan moill mhíchuí i gcás riachtanais a bhfuil bonn cirt leo. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle san áireamh práinn an ábhair, lena ngiorrófar an tréimhse 8 seachtaine le haghaidh cinnidh má mheastar gur gá sin. Is amhlaidh an cás *mutatis mutandis* má léirítear leis na figiúirí go bhfuil na leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad 2024 níos airde ná mar is gá.'

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN

**maidir le toradh an athbhreithnithe mheántéarma CAI a chomhtháthú i mbuiséad 2024**

'Tugann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dá n-aire an plé atá ar siúl faoi láthair maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, 2021-2027. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an obair, d'fhonn teacht ar chomhaontú foriomlán maidir le CAI athbhreithnithe atá á bheartú faoi dheireadh na bliana, agus ar an gcaoi sin, go mbeifear in ann é a ghlacadh go pras agus aird chuí á tabhairt ar ról Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sna Conarthaí. Dá bhrí sin, ní féidir tionchar an chomhaontaithe sin don bhliain airgeadais 2024 a chur isteach ach amháin trí dhréachtbhuiséad leasaitheach.

Dá bhrí sin, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún dréachtbhuiséad leasaitheach a mholadh a luaithe a chomhaontófar an t-athbhreithniú ar Rialachán CAI d'fhonn buiséad 2024 a ailíniú le Rialachán CAI athbhreithnithe.

Geallann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go ndéanfaidh siad an togra ón gCoimisiún a mheas gan moill mhíchuí, agus práinn an ábhair á cur san áireamh.'

## RÁITEAS AONTAOBHACH ÓN gCOIMISIÚN

**maidir leis an bhfóirdheontas ráta úis MFA+ don bhliain airgeadais 2024**

'Geallann an Coimisiún go molfaidh sé na bearta buiséadacha iomchuí chun na hacmhainní a leithdháiltear d'fhóirdheontas ráta úis MFA+ (Airteagal 14 07 01) don bhliain airgeadais 2024 a shaoradh, i gcás go dtiocfar ar réiteach maoinithe malartach in am trátha.'

## RÁITEAS AONTAOBHACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an bhfóirdheontas ráta úis MFA+**

'Tugann Parlaimint na hEorpa dá haire an ráiteas ón gCoimisiún. Meabhraíonn Parlaimint na hEorpa gur cheart, faoi Rialachán 2022/2463, fóirdheontas ráta úis maidir le MFA+ don Úcráin a mhaoiniú le ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit agus go bhféadfadh buiséad an Aontais ranníocaíocht a dhéanamh faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil. Sa chomhthéacs sin, cuireann Parlaimint na hEorpa i bhfios go láidir gur eisceacht aonuaire é an leithreasú a iontráil go sealadach ar líne bhuiséid 14 07 01 agus nach fasach é d'aon nósanna imeachta buiséadacha a bheidh ann amach anseo.'